Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/755

3.2.2026

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12276 — CVC / SMITHS DETECTION)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2026/755)

1. An 26 Eanáir 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners plc ('CVC plc', Geirsí),

— Smiths Detection Group Limited ('SDG', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Smiths Group plc (an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh CVC plc rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar SDG ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn CVC plc comhairle infheistíochta do chistí agus meáin infheistíochta áirithe agus/nó déanann sé infheistíochtaí ('Cistí CVC') a bhainistiú thar a gceann. Tá leasanna ag Cistí CVC i gcuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear in earnálacha seirbhísí airgeadais, ceimiceán, fóntas, monaraíochta, miondíola agus dáilte,

— Is soláthraí domhanda ardteicneolaíochtaí scagtha slándála agus braite bagairtí é SDG, ar ardteicneolaíochtaí iad a úsáidtear san eitlíocht, i gcalafoirt agus i dteorainneacha, sa chosaint agus sa bhonneagar criticiúil. Ar na córais a chuirtear ar fáil le SDG tá scagadh x-ghathach, brath pléascán agus braiteoirí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12276 — CVC / SMITHS DETECTION

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË